



Teimpléad le haghaidh achoimre ar na saincheisteanna dlí agus ar na príomhargóintí arna ndéanamh san iarratas

Meán Fómhar 2024

I míreanna 167 agus 168 de na Rialacha Cleachtais maidir le Rialacha Nós Imeachta na Cúirte Ginearálta a Chur i bhFeidhm (IO L, 2024/2097, 12.8.2024), leagtar síos achoimre ar na saincheisteanna dlí agus ar na hargóintí a bhfuiltear ag brath orthu san iarratas lena dtionscnaítear imeachtaí le haghaidh caingne díreacha seachas na caingne sin a bhaineann le cearta maoine intleachtúla, mar seo a leanas:

“167. Ní mór a bheith ag gabháil le gach iarratas achoimre ar na saincheisteanna dlí agus na príomhargóintí arna ndéanamh, ar mhaithe le dréachtú an fhógra is gá a fhoilsiú in Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh a éascú, i gcomhréir le hAirteagal 79 de na Rialacha Nós Imeachta.

‘168. D’fhonn a láimhseáil a éascú don Chúirt Ghinearálta, iarrtar a áirithiú go ndéanfar an achoimre ar na saincheisteanna dlí agus ar na príomhargóintí:

- a thabhairt ar aird ar leithligh ó chorp an iarratais agus ó na hiarscríbhinní a luaitear san iarratas;
- a choimeád faoi bhun dhá leathanach;
- a dhréachtú i dteanga an cháis de réir an teimpléid atá ar fáil ar líne ar shuíomh gréasáin Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh;
- a sheoladh trí e-Curia, tráth a thaisctear an t-iarratas, agus an cás dá dtagraíonn sí luaite inti. ‘

Ní bhaineann an teimpléad beartaithe le hachomhairc a bhaineann le réimeas maoine intleachtúla arna dtabhairt i gcoinne Oifig Maoine Intleachtúla an Aontais Eorpaigh (EUIPO) ná i gcoinne na hOifige Comhphobail um Chineálacha Plandaí (CPVO), nach ndéantar aon fhoráil ina leith maidir le hachomire ar na saincheisteanna dlí agus ar na hargóintí a bhfuiltear ag brath orthu san iarratas lena dtionscnaítear imeachtaí.

Seo a leanas an struchtúr a mholtar le haghaidh achoimre ar na saincheisteanna dlí agus na príomhargóintí a bhfuiltear ag brath orthu:



I. PÁIRTITHE

Iarratasóir(í):

Oifig chláraithe/sainchónaí (cathair agus tír):

Ionadaí(aithe) (ainm agus cáilíocht):

Cosantóir(í):

II. ÁBHAR (LE COMHLÁNÚ AGUS AN FHAISNÉIS A THUGTAR THÍOS Á CUR SAN ÁIREAMH ¹)

Caingne le haghaidh neamhniú (dá dtagraítear in Airteagal 263 CFAE)

Iarratas bunaithe ar Airteagal 263 CFAE chun [tagairt don bheart a chonspóidtear] a neamhniú

Caingne mar gheall ar mhainneachtain gníomhú (dá dtagraítear in Airteagal 265 CFAE)

Iarratas faoi Airteagal 265 CFAE ar dhearbhu gur theip go neamhdhleathach ar [ainm an chosantóra] [sonraigh na himthosca]

Gníomhaíochtaí chun dliteanas neamhchonarthach a bhunú (dá dtagraítear in Airteagal 268 CFAE)

Iarratas faoi Airteagal 268 CFAE lena n-iarrtar cúiteamh as an damáiste a bhain don iarratasóir mar thoradh ar [tuairisc ghearr ar an imeacht oibríochtúil]

Caingne in ábhair a bhaineann leis an tseirbhís shibhialta (dá dtagraítear in Airteagal 270 CFAE)

Iarratas faoi Airteagal 270 CFAE chun [tagairt don bheart a chonspóidtear] a neamhniú ²
nó

Iarratas faoi Airteagal 270 CFAE lena n-iarrtar cúiteamh as an damáiste a bhain don iarratasóir mar thoradh ar [tuairisc ghearr ar an imeacht oibríochtúil]

Caingne bunaithe ar chlásal eadrána (dá dtagraítear in Airteagal 272 CFAE)

¹ I gcás achomhairc a bhfuil níos mó ná cuspóir amháin i gceist leo, úsáidfear an fhoclaíocht a fhreagraíonn do na cásanna atá i gceist. Mar shampla, i gcás caingean lena n-iarrtar, ar thaobh amháin, gníomh a neamhniú agus, ar an taobh eile, cúiteamh as damáiste, léitear an t-ábhar mar a leanas: “Ar an gcéad dul síos, iarratas bunaithe ar Airteagal 263 CFAE lena n-iarrtar [tagairtí don ghníomh a chonspóidtear] a neamhniú agus, ar an dara dul síos, iarratas bunaithe ar Airteagal 268 CFAE lena n-iarrtar cúiteamh as an damáiste a líomhnaítear a bhain don iarratasóir mar thoradh ar [sonraigh na himthosca]”.

² I gcás ina dtionscnófar caingean i gcoinne an Bhainc Cheannais Eorpaigh nó an Bhainc Eorpaigh Infheistíochta i gcásanna seirbhíse sibhialta, is mar seo a leanas a bheidh an t-ábhar: “Iarratas bunaithe ar Airteagal 270 CFAE arna léamh i gcomhar le hAirteagal 50a de Reachta Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh lena n-iarrtar [tagairtí don ghníomh a chonspóidtear] a neamhniú”.



Iarratas faoi Airteagal 272 CFAE lena n-iarrtar ordú go n-ordófaí do [ainm an chosantóra]:

III. CONCLÚIDÍ

Iarrann an t-iarratasóir ar an gCúirt Ghinearálta:

- [an chéad cheann éilimh];
- [an dara ceann éilimh];
- [an tríú ceann éilimh];
- ...

IV. SAINCHEISTEANNA DLÍ AGUS PRÍOMHARGÓINTÍ

Mar thaca leis an gcaingean, maíonn an t-iarratasóir/na hiarratasóirí [number] pléadáil dlí.

1. An chéad saincheist dlí: [leag amach an saincheist dlí]

[argóintí mar thaca leis an bpléadáil/más infheidhme, codanna den phléadáil, a leagtar amach go gonta]

- ...
- ...
- ...

2. An dara saincheist dlí: [leag amach an saincheist dlí]

[argóintí mar thaca leis an bpléadáil/más infheidhme, codanna den phléadáil, a leagtar amach go gonta]

- ...
- ...
- ...

3. An tríú saincheist dlí: [leag amach an saincheist dlí]

[argóintí mar thaca leis an bpléadáil/más infheidhme, codanna den phléadáil, a leagtar amach go gonta]

- ...
- ...
- ...

4. ...

5. ...